# BEALTAINE 2022

**Seirbhís Ealaíon Chomhairle Contae Mhaigh Eo**

**Mayo County Council Arts Service**



AG CEILIÚRADH NA NEALAÍON AGUS NA CRUTHAITHEACHTA AGUS MUID AG DUL IN AOIS

CELEBRATING THE ARTS AND CREATIVITY AS WE AGE





# BEALTAINE 2022

**Fáilte chuig Clár Bhealtaine 2022 de chuid Sheirbhís Ealaíon Chomhairle Contae Mhaigh Eo. Féile náisiúnta í Bealtaine a cheiliúrann na healaíona agus an chruthaitheacht i measc daoine atá ag dul in aois.**

Is tionscnamh í an fhéile de chuid Aostacht & Deiseanna, an eagraíocht náisiúnta a spreagann daoine scothaosta le saol gníomhach agus rannpháirteach a bheith acu.

I measc na n-imeachtaí atá ar chlár Sheirbhís Ealaíon Chomhairle Contae Mhaigh Eo i mbliana tá taibhléirithe, comhráite, ceardlanna agus turais agus tá gach imeacht saor in aisce.

Ár mbuíochas leis na healaíontóirí, na hionaid ealaíon, na grúpaí pobail agus na daoine aonair atá ag glacadh páirte i bhFéile Bhealtaine na bliana seo i Maigh Eo.

Tá Bealtaine arna mhaoiniú go straitéiseach ag Comhairle Contae Mhaigh Eo agus ag an gComhairle Ealaíon.

**Welcome to Mayo County Council Arts Service's Bealtaine Programme for 2022. Bealtaine is Ireland's national festival celebrating the arts and creativity as we age.**

The festival is an initiative of Age & Opportunity, the national organisation that promotes active and engaged living as we get older.

Mayo County Council Arts Service's programme this year includes performances, workshops and tours and all events are free of charge.

Thank you to all the artists, arts venues, community groups and individuals taking part in this year's Bealtaine Festival in Mayo.

Bealtaine is strategically funded by Mayo County Council and the Arts Council.

# MEMORIES PROJECT



Samhlaigh nach raibh céad agat ach rud ná réad maothintinneach a choinneáil go deo na ndeor, cad a choinneofá? Agus cad chuige? Is ionann an saothar amharcealaíon seo agus cnuasach de chuimhní ó dhaoine sa chontae atá snite i bhfíochán an phobail le béim ollmhór ar na cúig chéadfa. Folaítear léirithe cosúil le réada muirneacha na ndaoine, taifeadtaí scéalta agus fiú bolaithe leis an saothar ealaíne seo chun na cuimhní cinn uile a thaispeáint le chéile in aon áit amháin. Tá fiúntas le gach uile scéal, agus ba chuma cé chomh mór nó beag is atá sé.

Cuirtear cuireadh ar fáil dóibh siúd a bheas ag iarraidh áirithint grúpa a dhéanamh leis an imeacht seo agus is iad Déardaoin an 26 Bealtaine agus Aoine an 27 Bealtaine na laethanta a bheas sin ag titim amach. Beidh an t-ealaíontóir **Elaine Mears** i láthair chomh maith. Cuirfidh sí ar an eolas sibh faoin saothar ealaíne féin, mar aon le léargas agus cúlra ar leith a ghabhann leis.

Amanna na gCamchuairteanna:
- 11.30 r.n. go 12.00 i.n.
- 13.00 i.n. go 13.30 i.n.
- 14.30 i.n. go 15.00 i.n.
- 15.30 i.n. go 16.00 i.n.

**Dáta:** An 26 agus an 27 Bealtaine
**Suíomh:** Ionad Ealaíon Linenhall, Caisleán an Bharraigh.
**Eolas maidir le háirithintí:** Tá na camchuairteanna saor in aisce ach ní mór iad a chur in áirithe roimh ré. Tabhair glaoigh ar (094) 902 3733 nó seol ríomhphost chuig: info@thelinenhall.com
Cuirfear fáilte roimh áirithintí aonaracha agus áirithintí de ghrúpaí suas go deichniúr.

*Tacaíonn Éire Ildánach go lách leis an tionscadal seo*

If you could only keep one object that has sentimental value to you, what would you keep, and why? This visual arts piece is a culmination of the collection of memories from people in the county which have been infused into a tapestry for the senses. This artwork includes representations of people's precious objects, recordings of stories, smells which combine to bring all the memories together in one place. No story is ever too small.

On Thursday 26th May and Friday 27th May you are invited to book a place for a group experience of the event with the artist present. Artist **Elaine Mears** will introduce viewers to the artwork, providing the audience with a special insight into the background of the work.

Tour Times:
- 11.30 am to 12.00 pm.
- 13.00 pm to 13.30 pm.
- 14.30 pm to 15.00 pm.
- 15.30 pm to 16.00 pm.

**Date:** May 26th and 27th
**Location:** The Linenhall Arts Centre, Castlebar.
**Booking Information:** Tours are free but booking is essential. Please call (094) 902 3733 or email info@thelinenhall.com
Individual and Groups of up to 10 are welcomed.

*This project is kindly supported by Creative Ireland*

# MEMORIES PROJECT



# HARP PERFORMANCES



I rith mí na Bealtaine, beidh **Gráinne Hamby**, an cláirseoir mór le rá, ag tabhairt cuairt ar roinnt aonaid altranais phobail i gcontae Mhaigh Eo agus beidh sí ag tabhairt a ceol binn léi a fhad is go mbeidh na daoine a bhfuil ina gcónaí faoi chúram cónaithe sin í a chloisteáil. Tá clú agus cáil ar Ghráinne maidir leis a léirithe beo agus lena hábhair taifeadta ar fad, éachtaí nach beag ina léirítear a 'máistreacht iomlán ar an gcláirseach Éireannach'. Bainfidh gach cónaitheoir an-sásamh as an gceol le linn mí na Bealtaine.

Aithnítear Gráinne Hambly, ó Mhainistir Mhaigh Eo, mar mháistir na cláirsí ar bhonn idirnáisiúnta, agus tá an-éileamh uirthi faoi láthair mar thaibheoir agus mar mhúinteoir araon, idir anseo agus thar lear. Bhain sí a céim sa cheol amach ó Ollscoil na Banríona, Béal Feirste agus thacaigh sí agus thaifead sí le roinnt ceoltóirí éagsúla. Mar aon le sin, sheinn sí sa tSeapáin, sa Bhrasaíl agus sa Cholóim, chomh maith le cuid mhór cuairteanna go SAM.

*Tá an Scéim Chláraithe Feidhmíochta Beo Áitiúil maoinithe ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán agus á riar ag Comhairle Contae Mhaigh Eo.*

In May, acclaimed harpist **Gráinne Hamby** will visit a selection of pre-booked Care Nursing Units in County Mayo, bringing the joy of music to those living in residential nursing care. Gráinne has attracted glowing praise for her live performances and recorded material, which brilliantly showcase what has been described as her 'absolute mastery of the Irish harp'. Residents will enjoy a musical delight during the month of May.

Gráinne Hambly, from Mayo Abbey, is an internationally recognised exponent of the Irish harp, and is in great demand as a performer and teacher, both at home and abroad. She studied music at Queen's University Belfast and has toured and recorded with various artists, including performances as far afield as Japan, Brazil and Colombia as well as frequent tours to the USA.

*The Local Live Performance Programming Scheme is funded by the Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media and administered by Mayo County Council.*

**St. Brendan's Care Nursing Unit Mulranny**

**Day Centre, Castlebar Social Service Centre**

**St. Fionnáns Care Nursing Unit Achill**

# SHARED RITUALS



Beidh an t-ealaíontóir **Mags Duffy** ag comhoibriú le daoine ar leith ó Chathair na Mart a chuaigh ar scor ach a bhí ag úsáid raon mór de scileanna agus iad ag déanamh a n-obair laethúil; beidh iascaire/ duine a chruthaigh prócaí amach as gliomaigh agus coll, tógálaí balla cloiche/ saor cloiche agus gúnadóir/ bróidnéir ina measc.

Agus iad ag breathnú ar chúrsaí cleachtais ealaíne agus ceardaíocht traidisiúnta le chéile, beidh an comhshaothar seo ag díriú isteach ar bhríonna agus ar luachanna na ceardaíochta traidisiúnta agus na healaíne comhaimseartha araon. Beidh an grúpa in ann a gcuid scileanna a roinnt agus ansin na scileanna a phlé ó thaobh tábhacht de agus an dóigh a n-úsáidtear faoi láthair iad.

Is amharcealaíontóir í Mags Duffy atá lonnaithe i gCathair an Mart, Contae Mhaigh Eo a bhfuil cúlra de theicstílí trialacha agus iarchéim le hoideachas sna healaíona aici. Tá sí ag teagasc agus ag reáchtáil tionscadail an phobail le tríocha bliain anuas. Bhain sí an Duais Lúfaireachta ón Chomhairle Ealaíon amach sa bhliain 2021.

*Tacaíonn Éire Ildánach leis an tionscadal seo*

Artist **Mags Duffy** will work with retired Westport based individuals who, in their working lives, employed a range of skills as part of their daily work tasks including; a fisherman/maker of hazel lobster pots, a stone wall builder/mason and a dress maker/embroiderer.

Looking at ideas of arts practice and traditional crafting, this collaboration will look at the meaning and value of traditional craft and contemporary art. The group will be invited to share the skills used in their daily work lives and have conversations about the importance of the skill and how it is used today.

Mags Duffy is a visual artist based in Westport, Co. Mayo. She has a background in experimental textiles and a postgraduate qualification in arts education. She has been involved in teaching and community projects for the past thirty years. She is the recipient of a 2021 Arts Council Agility Award.

*This project is supported by Creative Ireland*

# MUSICIAN MENTORING



**Tionscadal Meantóireachta na gCeoltóirí. Tá lúcháir ar Sheirbhís na nEalaíon de chuid Comhairle Contae Mhaigh Eo Tionscadal meantóireachta na gCeoltóirí ó ghlúin go glúin a chur ar fáil mar chuid de chlár Bhealtaine i mbliana. Beidh John Hoban, cumadóir, amhránaí, ceoltóir agus údar ó Chaisleán an Bharraigh ag obair go dlúth leis an sárfhliúiteadóir Tim McHugh ó Bhaile Uí Fhiacháin.**

Cuireann John a chasadh domhain taitneamhach nádúrtha féin ar cheol traidisiúnta na hÉireann. Is ceoltóir den scoth é a bhfuil máistreacht aige leis an bhfidil, an bainseó, na feadóga, an mhandaiveidhil agus roinnt uirlisí eile. Mar aon le sin is amhránaí agus cumadóir amhráin agus ceolta é.

Thosaigh Tim ag foghlaim an cheoil traidisiúnta agus é 9 mbliana d'aois agus faoin am a raibh sé ina dhéagóir bhí sé ag seinm go háitiúil le ceoltóirí áitiúla Mhaigh Eo. Tá an tionchar ag an bhfidil agus ag an bhfeadóg ó Mhaigh Eo Thoir agus ó Shligeach Theas aige. Sheinn sé agus theagaisc sé in Éirinn, san Eoraip, sna SAM agus san Afraic.

Beidh roinnt mhaith seisiún meantóireachta ag John agus Tim le chéile le linn mí na Bealtaine mar chuid den fhéile Bhealtaine.



**For this year's Bealtaine Celebrations, Mayo County Council Arts Service is delighted to offer an intergenerational Artist Mentoring Project. Castlebar based composer, singer, musician and author, John Hoban will work with Newport based flute player Tim McHugh.**

John combines the best of the Irish tradition with an intimate, warm and raw sensibility that is his own. He is an accomplished player of fiddle, banjo, whistles, mandocello, and other instruments, in addition to being a singer and composer of songs and music.

Tim started learning traditional music around the age of 9 and in his late teens, he began playing locally in sessions and learning music from local Mayo musicians. He is greatly influenced by the fiddle and flute music of East Mayo and South Sligo. He has performed and taught throughout Ireland, Europe, USA and Africa.

John and Tim will have several mentoring sessions together beginning in May to mark Bealtaine.



# ARMCHAIR AZURE TOURS





Tá rímead ar Sheirbhísí Ealaíon Chomhairle Contae Mhaigh Eo, i gcomhar le Músaem Nua-Ealaíne na hÉireann, thuairteanta Armchair Azure a chur i láthair, sraith de thurais fhíorúla amharcealaíne saor in aisce d'aonaid altranais pobail sa chontae a bheas ionchuimsitheach do dhaoine a bhfuil néaltrú orthu.

Dóibh siúd atá ag maireachtáil le néaltrú, is bealach inrochtana iad na turais fhíorúla amharcealaíne le sult a bhaint as ealaín ar líne. Maireann na camchuairteanna uair a chloig, agus beidh siad arna dtreorú ag éascaitheoir darb ainm Norah Brennan, agus í oilte maidir le bheith ionchuimsitheach do dhaoine a bhfuil néaltrú orthu. Treorófar na rannpháirtithe trí rogha de shaothair amharcealaíne agus spreagfar comhrá agus freagairtí maidir le gach saothar

Is i **Norah Brennan**, amharcealaíontóir a bhfuil duaiseanna buailte aici agus céim chéadonóracha i Mínealaín aici. Is saineolaí maidir le déanamh priontaí í agus bíonn sí ag obair óna stiúideo ceardlanna féin (cló sa chró) i gClár Chlainne Mhuiris agus tá sí ina ball de Dhéantóirí Priontaí Luimnigh. Bhí cuid mhór léirithe aonair aici in Éirinn agus i dTuaisceart na hÉireann chomh maith le cuid léirithe grúpa eile in Éirinn agus thar lear mar shampla i Meiriceá, sa Fhrainc, san Astráil agus sa RA. Is féidir a cuid saothair a bhlaiseadh ag Ollscoil na hÉireann, Oifig na nOibreacha Poiblí, Comhairle Contae Mhaigh Eo agus Comhairle Contae Ros Comáin mar aon le bailitheoirí pearsanta.

Íomha le
Bernie Garvey O'Mara, 'Surface'
David Quinn "Morning Shed"

Mayo County Council Arts Service, in collaboration with the Irish Museum of Modern Art, is delighted to offer Armchair Azure tours, a series of Dementia Inclusive visual art tours to selected Care Nursing Units in the county.

For those living with dementia, the visual art tours are an accessible way of engaging with art. Tours are one-hour long and are guided by artist Norah Brennan, a trained dementia inclusive facilitator who will guide participants through a selection of visual artworks while actively encouraging conversation and responses to each work.

**Norah Brennan** is an award-winning visual artist who holds a first-class Honours degree in Fine Art. Norah has had many solo shows in Ireland and Northern Ireland, numerous group shows throughout Ireland and internationally including the America, France, Australia and the UK. Her work is in the collections of National University of Ireland, The Office of Public Works, Mayo and Roscommon County Councils and private collectors.

**St. Attracta's Care Nursing Unit, Charlestown**

**Sacred Heart Hospital, Castlebar**

**Swinford Day Care Centre**

**Aras Deirbhile, Belmullet**

Image by
Bernie Garvey O'Mara, 'Surface'
David Quinn "Morning Shed"

# HEARTH EXHIBITION



Is tionscadal é 'Hearth' ina gcuirtear saothar ealaíne ar fáil do sheandaoine ina dteach féin toisc go bhfuil cónaí orthu in áiteanna iargúlta ó thaobh leagan amach an cheantair de nó a bhfuil srianta d'aon fáth eile orthu. Téann ealaíontóir oilte, a bhfuil taithí aige nó aici a bheith ag obair le seandaoine, amach chuig teach an seanduine uair sa tseachtain chun ceardlann duine le duine a chur i gcrích leo. Thug an t-ealaíontóir Maggie Morrison cuairteanna seachtainiúla thar an bhFómhar agus thar an nGeimhreadh 2021 do 6 duine a bhí páirteach ann san Acaill, Contae Mhaigh Eo.

**Lainseáil:** 2.30 i.n. ar Mháirt an 24 Bealtaine.
Fáilte roimh chách.
Riarfar sólaistí beaga.
Leanfaidh an taispeántas ar aghaidh le linn mí an Mheithimh.

**Suíomh:** Leabharlann Acla, Gob an Choire, F28 XE77.
Amanna oscailte leabharlann Acla:
Dé Luain agus Déardaoin: Druidte
Dé Mháirt agus Dé Chéadaoin: 2.00 i.n. - 7 i.n.
Dé hAoine agus Dé Sathairn: 111.00 r.n. - 4.00 i.n.
Bíonn an leabharlann druidte ar gach Satharn a ghabhann le deireadh seachtaine saoire bainc.

*Tugadh maoiniú don tionscadal 'Hearth' trí 'Creativity & Older Age' de chuid 'Éire Ildánach' agus tacaíonn Comhairle Contae Mhaigh Eo agus Seirbhís na nEalaíon leis.*

Íomhá le Nancy Fadian

Hearth brings art into the homes of older people who are isolated geographically or restricted for other reasons. A skilled artist experienced in working with older people and those with special needs, travels to the home of the older person weekly and facilitates one to one workshop there. Artist Maggie Morrison made weekly visits with six participants in Achill, Co. Mayo in Autumn/ Winter 2021. Come see the work created by the Achill participants at an exhibition in Achill library.

**Launch:** 2.30pm Tuesday the 24th May.
All welcome.
Light refreshments served.
The exhibition continues for the month of June.

**Venue:** Achill Library, Achill Sound, F28 XE77.
Achill library opening times:
Monday and Thursday's: Closed
Tuesday & Wednesday: 2.00pm - 7.00pm
Friday & Saturday: 11.00am - 4.00pm
The library is closed the Saturday of bank holiday weekends.

*Hearth received funding under Creative Ireland's Creativity & Older Age with support from Age Friendly Mayo and Mayo Arts Service.*

Image by Nancy Fadian

# MAYO ARTSQUAD

## (COMMUNITY TASTER ART WORKSHOPS)



Tugann Artsquad Mhaigh Eo cuireadh ar fáil dóibh siúd a bheas ag iarraidh freastal ar léirithe ealaíon réamhbhlaiseadh agus iad lonnaithe i gceardlann s'acu i gCaisleán an Bharraigh. Gabh i dteagmháil linn má tá tú ag lorg blaisín agus léargas de na saothair atá ar fáil sa cheardlann Artsquad. Beidh an fhoireann ag cur ceardlanna tarraingtí, ceardlanna clódóireachta agus ceardlanna créanna ar fáil. Níl aon réamhthaithí de dhíth.

Bunaíodh Artsquad Mhaigh Eo sa bhliain 1997 le buíochas ó thacaíocht FÁS agus chuir siad traenáil roimh scileanna ealaíon pobail ar fáil do chúig rannpháirtí dhéag gach bliain ina dhiaidh a mbunú. Tagann na rannpháirtithe Artsquad ó chúlraí agus pobail éagsúla agus cuirtear ceardlanna, oiliúint agus fiú amharclannaíocht sráide ar fáil dóibh. Bíonn Artsquad Mhaigh Eo ag obair go dlúth le féilte fud fad na tíre chomh maith.

**Am:** 10.30 r.n. go 12.30 i.n
nó 1.30 i.n. go 3.30 i.n.
**Dáta:** 31 Bealtaine
**Suíomh:** Golden Mile Industrial Estate, An Cnoc Ramhar, Caisleán an Bharraigh, Contae Mhaigh Eo.

**Eolas maidir le háirithintí:**
Cuir glaoigh ar 094 90 64666 nó
seol ríomhphost chuig mayoarts@mayococo.ie

Cuir ar an eolas muid, le do thoil, má tá riachtanais agat ó thaobh rochtain de.

Mayo Artsquad warmly invites you to take part in some free taster art demonstrations in their Castlebar based workshop. If you want a glimpse behind the scenes and an introduction to some of the work taking place in the Mayo Artsquad workshop, get in touch! The team will be providing workshops in drawing, printing and clay. No prior experience necessary.

Established in 1997 with FÁS support, Mayo Artsquad has continued to provide excellent training in community arts skills for fifteen participants annually. The participants on Mayo Artsquad come from a wide variety of backgrounds and work with groups from all communities, providing workshops, training and street theatre. Mayo Artsquad also works extensively with festivals throughout the county.

**Time:** 10.30am to 12.30pm
Or 1.30pm to 3.30pm
**Date:** May 31st
**Location:** Golden Mile Industrial Estate, Knockrawer, Castlebar, Co. Mayo

**Booking Information:**
Call 094 90 64666 or
email mayoarts@mayococo.ie

Please let us know if you have any access requirements.

# BEALTAINE 2022

I MAIGH EO IN MAYO










An dteastaíonn uait a fháil amach cad eile a bheidh ag tarlú le haghaidh Bealtaine? Téigh chuig www.bealtaine.ie le haghaidh liosta na n-imeachtaí.

Beidh imeachtaí Bhealtaine ar siúl sna hionaid ealaíon seo a leanas i rith mhí na Bealtaine. Déan teagmháil dhíreach leis an ionad le haghaidh sonraí iomlána.

Wondering what else is happening for Bealtaine? Check out www.bealtaine.ie for events listings.

The following arts venues have Bealtaine events taking place during the month of May. Please contact the venue directly for full details.

## Áras Inis Gluaire
097-81079 | info@arasinisgluaire.ie

## Ballinglen Arts Foundation
096-43184 | ballinglenarts@gmail.com

## Linenhall Arts Centre
094-9023733 | info@thelinenhall.com

## Ballina Arts Centre
096) 73593 | info@ballinaartscentre.com

## Custom House Studio
(098) 28735 | info@customhousestudios.ie

Is féidir sonraí a fháil maidir le himeachtaí Sheirbhísí Leabharlainne Chomhairle Contae Mhaigh Eo ag **www.mayo.ie/library**

Details of Mayo County Council Library Services events can be found at **www.mayo.ie/library**



# BEALTAINE 2022



## TUILLEADH EOLAIS

Seirbhís Ealaíon Chomhairle Contae Mhaigh Eo, mayoarts@mayococo.ie | 094 90 64666 /094 90 64367 | www.mayo.ie/arts

*Is tionscnamh straitéiseach comhroinnte é an clár, Na hEalaíona & Dul in Aois, de chuid Chomhairle Contae Mhaigh Eo agus na Comhairle Ealaíon.*

**Íomhá clúdaigh le:** Heverin Photography

## FOR FURTHER INFORMATION

Mayo County Council Arts Service, mayoarts@mayococo.ie | 094 90 64666 /094 90 64367 | www.mayo.ie/arts

*The Arts & Aging programme is a shared strategic initiative of Mayo County Council and the Arts Council.*

**Cover image by:** Heverin Photography


**Proudly supported by**

Mayo Arts Service

Comhairle Contae Mhaigh Eo
Mayo County Council

Bealtaine Festival
An Age & Opportunity arts initiative

the arts council an chomhairle ealaíon 70 YEARS

Clár Éire Ildánach
Creative Ireland Programme 2017–2022

An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media